

Clár Ama don Chluiche Mhór



Gné den Mhata	Tomhais - am <i>Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, Corpoideachas, An Domhan Thart Orainn</i>
Próisis	Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu <ul style="list-style-type: none">• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach• réimse straitéisí a fhorbairt le haghaidh réiteach fadhbanna, ag lorg dóigheanna le deacrachtaí a shárú Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil <ul style="list-style-type: none">• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile
Teanga agus Téarmaíocht	cén t-am?, cá fhad?, luath, níos luaithe, is luaithe, mall, níos moille, is moille, mair, tosaigh, críochnaigh, bomaite, uair, orduimhreacha, an chéad, an dara, clog 12 uair, clog 24 uair, clár ama, eatramh, roimh, i rith, i ndiaidh
Áiseanna	bileog acmhainne, cloig, Uirlis Ama Mol Mata, uimhirlíne fholamh





Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1 Gníomhaíocht 1

I mbeirteanna nó i ngrúpaí níos mó fiosraíonn daltaí an clár ama do chluiche camógaíochta, agus freagraíonn siad ceisteanna bunaithe air seo (féach ar na ceisteanna samplacha). Is féidir é seo a dhéanamh de bhéal nó mar thasc scríofa. Spreag na daltaí le triail a bhaint as straitéisí difriúla, amhail cuntas agus cuntas siar ar uimhirlíne fholamh, nó clog nó an Uirlis Ama Mol Mata a úsáid.

2 Gníomhaíocht 2

I mbeirteanna nó ar bhonn aonair cruthaíonn daltaí a gcuid clár ama féin faoi choinne cluiche camógaíochta, nó spórt eile dá rogha féin. Pléigh na gnáthaimh dhifriúla maidir le roimh, i rith agus i ndiaidh an imeachta. Fiosraigh an tábhacht a bhaineann leo agus an méid ama ba chóir a thabhairt do gach ceann. Roinneann na daltaí a gcuid clár ama leis an ghrúpa is mó, ag tabhairt údair lena roghanna. Is féidir leo ceisteanna bunaithe ar a gcuid clár ama a chruthú dá gcairde (oscailte agus druidte).





Ceisteanna Samplacha

Ceisteanna Druidte	Ceisteanna Oscailte
<ul style="list-style-type: none">• Cá fhad a mhair an seisiún traenála?• Cá fhad a bhí na himreoirí le chéile don chruinniú a thosaigh ag 10:25?• Cá fhad roimh thús an chluiche a bhain na himreoirí an staid amach?• Cá mhéad ama a chaith na himreoirí ar an bhus?• Cá mhéad ama a chaith na himreoirí le chéile san iomlán?	<ul style="list-style-type: none">• An féidir leat do straitéis a mhíniú? Inis dom níos mó faoi sin.• Cad iad na straitéisí eile a bhféadfá úsáid a bhaint astu sa ghníomhaíocht seo?• Cad é mar atá do straitéis cosúil nó difriúil le straitéis do charad?• Cé acu straitéis is éifeachtaí dar leat? Cad chuige?• Cad chuige ar roghnaigh tú Gníomhaíocht X don am seo?

Difreáil

Socraigh comhthéacs na gníomhaíochta de réir shuim agus/nó thuiscint na ndaltaí. Mar shampla, d'fhéadfaí gníomhaíocht nach bhfuil bainteach le spórt amhail turas campála nó seó tallainne a roghnú. Socraigh clár ama, líon na n-imeachtaí, eatrainmh ama agus formáid de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.





Taispeánann an clár ama an sceideal d'fhoireann camógaíochta an chontae. D'imir siad as baile an deireadh seachtaine seo caite.

8:30	Bualadh ag an bpáirc thraenála
9:05	Bricfeasta
10:00	Cruinniú na mBainisteoirí agus na gCóitseálaithe
10:25	Cruinniú na Foirne
11:05	Seisiún Traenála
12:00	Lón
12:55	Fágann an bus
15:35	Baineann an bus an t-óstán amach
16:00	Sos agus scíth do na himreoirí
17:30	Dinnéar
18:35	Fágann an bus an t-óstán
18:55	Baineann an bus an staid amach
20:00	Tosaíonn an cluiche
22:30	Fágann an bus
01:00	Baineann an bus an pháirc thraenála amach

Ceist ama!

1. Cén fhad a mhair an seisiún traenála?
2. Cén fhad a bhí na himreoirí le chéile don chruinniú a thosaigh ag 10:25?
3. Cén fhad roimh thús an chluiche a bhain na himreoirí an staid amach?
4. Cé mhéad ama a chaith na himreoirí le chéile ar an mbus?
5. Cé mhéad ama chaith na himreoirí le chéile san iomlán?

An tasc:

Beidh cluiche eile as baile an deireadh seachtaine seo chugainn. Tá an staid 3 huairé ón mbaile agus tosaíonn an cluiche ag 11:00. Mar sin de, chinn an bainisteoir taisteal ann an oíche roimh ré le stopadh in óstán. Ní mór duit an turas a phleanáil ón am a mbuaileann na daltaí go dtí go mbaineann siad an baile amach. Úsáid an spás thíos:

Dé Sathairn	
	Bualadh ag an bpáirc thraenála



Clár Ama don Chluiche Mór



Dé Domhnaigh	
	Buaileann na himreoirí le chéile don bhricfeasta

Rudaí le machnamh a dhéanamh orthu:

Cén fhad roimh an chluiche ba chóir do na himreoirí ithe?

Cé chomh luath nó mall ba chóir do na himreoirí an t-óstán a bhaint amach Dé Sathairn?

Traenáil bhreise:

An féidir leat smaoineamh ar cheisteanna a rachaidh le do chlár ama?

